# Toghcháin agus Canbhasáil: Cosaint Sonraí agus Margaíocht Leictreonach

Daonlathas ise Éire agus ní mór di a bheith ábalta dul i mbun cumarsáide go héifeachtach le vótálaithe

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

## Prionsabail um Chosaint Sonraí

Mar rialaitheoir sonraí, ba cheart duit a chinntiú i gcónaí go gcomhlíonann an t-eolas toghthóirí a phróiseálann tú na prionsabail bainteach le próiseáil sonraí pearsanta. Tuigtear le próiseáil aon rud a dhéanamh le sonraí pearsanta lena n-áirítear é a stóráil i mbunachar sonraí nó in aon fhoirm eile. Ciallaíonn sé seo gur cheart duit i gcónaí:

1. **Próiseáil é go dleathach, go cóir, agus ar bhonn trédhearcach;**
2. **Bailigh sonraí pearsanta ar chúis(eanna) speiceasacha, agus dlisteanacha amháin, agus ná húsáid iad i slí eile nach bhfuil in oiriúint leis na cuspóirí sin;**
3. **Deimhnigh go bhfuil siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid atá riachtanach don chuspóir a phróiseáltar iad;**
4. **Coimeád iad cruinn agus nuashonraithe agus scrios nó réitigh aon sonraí míchruinne gan mhoill;**
5. **Nuair a choimeádtar iad i slí a ligeann duit a aithint cé faoi atá na sonraí, coimeád iad don mhéid ama atá riachtanach amháin;**
6. **Coimeád iad sábháilte trí bhearta slándála teicniúla agus/nó eagraíochtúla cuí a úsáid;**
7. **Bí ábalta do chomhlíontacht leis na prionsabail thuas a léiriú; agus**
8. **Fregair éilimh daoine aonair atá ag iarraidh a gcearta cosanta sonraí a fheidhmiú (mar shampla an ceart rochtana).**

### BÍODH MEAS AGAT AR CHEARTA DAOINE AONAIR AGUS TÚ AG CANBHASÁIL

### AN POST

Féadfaidh tú ainmneacha agus seoltaí na ndaoine ar an gClár Toghthóirí a úsáid chun bileoga toghchánacha a sheoladh chucu tríd an bpost. Caithfidh tú a bheith trédhearcach maidir le húsáid dá leithéid a bhaint as sonraí pearsanta thoghthóirí trí eolas a sholáthar dóibh faoi: cé tú agus conas is féidir teagmháil a dhéanamh; conas a fuair tú a n-eolas agus cad a chuimsíonn sé; cé lena roinnfidh tú é; cé chomh fada a choimeádfaidh tú é; cén bhunús dlíthiúil atá ann maidir le próiseáil na sonraí pearsanta (de ghnáth tasc a chur ar bun ar son leas an phobail); agus cad iad a gcearta cosanta sonraí. Féadfar an t-eolas seo a sholáthar trí é a chur san áireamh le d'ábhar canbhasála.

### CUAIRTEANNA Ó DHORAS GO DORAS

Agus tú i mbun cuairteanna ó dhoras go doras, deimhnigh go bhfuil cosaintí cearta in ionad chun aon sonraí pearsanta a bhailítear a thaifeadadh agus a chosaint, lena n-áirítear aon sonraí ag nochtadh tuairimí polaitiúla. Má iarrann tú sonraí teagmhála ó thoghthóirí (m.sh. uimhir theileafóin nó seoladh ríomhphoist) déan deimhin go dtoileann siad do theagmháil leantach má phleanáileann tú é. Ba cheart duit a shoiléiriú do thoghthóirí chomh maith nach bhfuil aon oibleagáid orthu aon eolas a sholáthar duit agus nach bhfuil tú á bhailiú ach sa chás go dtoileann siad. (féach thall le haghaidh tuilleadh eolais ar trédhearcacht)

## SUÍMH GHRÉASÁIN (lena n-áirítear suímh ghréasáin páirtithe)

Má fheidhmíonn tú suíomh gréasáin, ba cheart duit a chinntiú go gcomhlíonann tú d'oibleagáidí trédhearcachta trí ráiteas príobháideachais atá inrochtana go héasca, sofeichthe go soiléir, agus éasca le tuiscint a bheith agat á léiriú d'úsáideoirí/ toghthóirí: cé tú agus conas is féidir teagmháil a dhéanamh leat; cen sonraí pearsanta atá á mbailiú/á úsáid agat agus cén fáth; má fuair tú na sonraí ó shuíomh eile agus cad é an suíomh; an bunús dlíthiúil don phróiseáil; cé lena roinnfidh tú na sonraí; cé chomh fada a choimeádfaidh tú é; agus cad iad a cearta cosanta sonraí.

## FIANÁIN

Má úsáideann do shuíomh gréasáin fianáin chun eolas a bhailiú ó úsáideoirí, ba cheart go míneodh sé é seo go soiléir, ag sonrú téarmaí úsáide fianáin agus modh a sholáthar chun toiliú chun fianáin a chur in ionad a thabhairt nó a dhiúltiú.

## MARGAÍOCHT LEICTREONACH DHÍREACH & CANBHASÁIL

Ní ceart duit na sonraí pearsanta atá i do sheilbh ar thoghthóir a úsáid chun margaíocht leictreonach dhí reach/ cumarsáid chanbhasála (m.sh. téacsanna, ríomhphoist, glaonna teileafóin nó facsanna) ach amháin sa chás go bhfuil toiliú roimh ré faighte ón duine (féach thíos) chun cumarsáid dá leithéid a fháil uait. Tá sé tábhachtach taifead a choimeád de thoiliú gach toghthóir mar is gá duit a bheith in ann léiriú (mar shampla, i gcás gearán a dhéantar fút) go raibh toiliú agat a sonraí pearsanta a úsáid sa tslí seo. Nuair atá tú i mbun cumarsáide trí théacs, ríomhphost nó facs, ba cheart go sonródh an teachtaireacht i gcónaí go bhfuil sé á sheoladh uait/ar do shon, agus ba cheart go gcuimseoidh sé scar-rogha éasca le húsáid i dtreo is gur féidir leis an bhfaighteoir a c(h)eart a fheidhmiú gan a thuilleadh cumarsáide dá leithéid a fháil uait. Ní ceart duit riamh eolas teagmhála a úsáid atá faighte agat ó triú pháirtí ar chúiseanna margaíocht leictreonach dhíreach/ canbhasáil.

## TRÉDHEARCACHT

Má bhailíonn tú eolas go díreach ó thoghthóirí aghaidh ar aghaidh nó i mbealach eile, caithfidh tú bheith trédhearcach maidir leis an slí a úsáideann tú a sonraí pearsanta trí eolas a sholáthar dóibh faoi: Cé tú agus conas is féidir teagmháil a dhéanamh leat; cén fáth go bhfuil tú ag bailiú a sonraí pearsanta; cé lena roinnfidh tú iad; cé chomh fada a choimeádfaidh tú é; gurb é toiliú an bunús dlíthiúil don phróiseáil seo; agus cad iad a gcearta cosanta sonraí. Féadfaidh tú an t-eolas seo a sholáthar aghaidh ar aghaidh nó bileog a thabhairt do thoghthóirí a leagann amach an t-eolas seo. Féadfaidh tú toghthóirí a threorú maidir le slí eile inar féidir leo rochtain éasca a fháil ar an eolas seo, mar shampla ar do shuíomh gréasáin. Má dhéanann tú é sin nó má úsáideann tú modh indíreach eile chun an t-eolas seo a sholáthar, ba cheart duit ar a laghad a chur in iúl go hoscailte do thoghthóirí cé tú agus conas is féidir teagmháil a dhéanamh leat, cén fáth go bhfuil tú ag bailiú a n-eolas agus a mhíniú go bhfuil cearta acu (lena n-áirítear toiliú a aistharraingt ag uair ar bith) maidir leis na sonraí pearsanta atá á bhailiú agat uatha.

## TOILIÚ

Sá chás go mbrathann tú ar thoiliú mar bhunús dlíthiúil chun sonraí pearsanta duine aonair a phróiseáil, ba cheart go mbeadh sé:

- *Tugtha go toilteanach – caithfidh fíor-rogha a bheith ag an duine aonair i dtaobh toiliú a thabhairt nó gan é a thabhairt agus ba cheart nach mbraithfidis go bhfuil iachall nó brú orthu é seo a dhéanamh;*
- *Speiceasach – caithfidh an toiliú atá á lorg a bheith bainteach le cuspóir speiceasach le haghaidh próiseáil sonraí;*
- *Eolach – caithfear eolas a thabhairt i dtaobh cé hé/hí an rialaitheoir sonraí, cineál na sonraí atá á phróiseáil agus na cuspóirí, chomh maith leis an gceart chun toiliú a aistharraingt ag uair ar bith, i dtreo is gur féidir leis an duine aonair rogha eolach a dhéanamh i dtaobh toiliú a thabhairt nó gan é a thabhairt; agus*
- *Glan soiléir – caithfidh an duine aonair ráiteas nó gníomh lántoiliúil a bheith déanta acu chun toiliú. Ní bealach bailí é boscaí ticeáilte roimh ré a úsáid chun toiliú a bhailiú agus ní féidir glacadh le ciúnas /neamhghníomhaíocht mar thoiliú ach an oiread.*

Ní comhairle dlíthiúil í an bhileog seo agus ní chuimsíonn sí ráiteas cuimsitheach de na hoibleagáidí cosanta sonraí ar fad a bhaineann le polaiteoirí agus iarrthóirí toghchánacha. Féadfar treoir níos sonraithe ar d'oibleagáidí mar rialaitheoir sonraí a fháil ar shuíomh gréasáin an DPC ag **www.dataprotection.ie**

Má tá aon cheisteanna agat, féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh leis an DPC ag **consultation@dataprotection.ie**